Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Meitheamh 2023**
**(OR. en)**

**10411/23**
**ADD 2**

**AG 48**
**INST 209**
**JAI 822**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 8 Meitheamh 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 311 final |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN 2 a ghabhann leis an TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE EORPACH, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG CÚIRT BHREITHIÚNAIS AN AONTAIS EORPAIGH, CHUIG AN mBANC CEANNAIS EORPACH, CHUIG CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN<br>Togra le haghaidh comhlacht idirinstitiúideach eitice |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 311 final, Iarscríbhinn 2.

---

Faoi iamh: COM(2023) 311 final, Iarscríbhinn 2.

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 8.6.2023
COM(2023) 311 final

ANNEX 2

# IARSCRÍBHINN

*a ghabhann leis an*

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE EORPACH, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG CÚIRT BHREITHIÚNAIS AN AONTAIS EORPAIGH, CHUIG AN mBANC CEANNAIS EORPACH, CHUIG CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

**Togra le haghaidh comhlacht idirinstitiúideach eitice**

**IARSCRÍBHINN**

**RÁITEAS AIRGEADAIS SIMPLITHE**

*(le húsáid i ndáil le haon chinneadh inmheánach ón gCoimisiún a bhfuil suntas ginearálta ag baint leis agus a bhfuil tionchar buiséadach aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin nó ar acmhainní daonna, nuair nach bhfuil sé iomchuí úsáid a bhaint as ráiteas airgeadais de chineál ar bith eile – Airteagal 56 den chinneadh ón gCoimisiún maidir leis na rialacha inmheánacha i ndáil le cur chun feidhme roinn an Choimisiúin de bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh)*

1. Teideal an dréacht- chinnidh:

Comhaontú idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle Eorpach, an Chomhairle, an Coimisiún Eorpach, Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, an Banc Ceannais Eorpach, an Chúirt Iniúchóirí, an Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus Coiste na Réigiún, lena mbunaítear Comhlacht Eitice Idirinstitiúideach.

2. Réimsí beartais/beartas agus gníomhaíocht/gníomhaíochtaí ABB lena mbaineann:

An Coimisiún Eorpach

Comhordú beartais agus comhairle dlí an Choimisiúin — Teideal 20. Caiteachas riaracháin — Caibidil 20 01 Comhaltaí, oifigigh agus foireann shealadach agus Caibidil 20 02 Foireann agus caiteachas eile a bhaineann le daoine (Ceannteideal VII).

3. Bunús dlí

X Neamhspleáchas riaracháin ☐ Eile (*sonraigh*):___

4. Tuairisc agus forais:

Tá an Coimisiún ag moladh comhaontú chun comhlacht eitice a bhunú a bheidh coiteann do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle Eorpach, don Chomhairle, do Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, don Bhanc Ceannais Eorpach, do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, don Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus do Choiste na Réigiún (na “Páirtithe”, le chéile). Arna iarraidh sin dó, féadfaidh an Banc Eorpach Infheistíochta a bheith ina Pháirtí sa Chomhaontú seo freisin tar éis dó teacht i bhfeidhm.

Baineann cúraimí an Chomhlachta go heisiach le hoibleagáidí eiticiúla chomhaltaí na n-institiúidí agus chomhaltaí dhá chomhlacht chomhairleacha. Is iad cúraimí nithiúla an Chomhlachta (i) bheith ina shásra foirmiúil chun tuairimí a chomhordú agus a mhalartú idir na páirtithe, (ii) íoschaighdeáin eiticiúla chomhchoiteanna a ullmhú le haghaidh iompar chomhaltaí na bpáirtithe agus (iii) malartuithe tuairimí a thionól ar bhonn an mheasúnaithe arna dhéanamh ag Páirtí ar ailíniú a rialacha inmheánacha féin leis na caighdeáin mholta dá dtagraítear thuas.

Féadfaidh comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais, seachas na hinstitiúidí rannpháirteacha, an tacar iomlán d’íoschaighdeáin choiteanna arna bhforbairt nó le forbairt ag an gComhlacht Eitice a chur i bhfeidhm go deonach. Sa chás sin, beidh an deis acu páirt a ghlacadh i malartú tuairimí le comhaltaí an Chomhlachta Eitice maidir lena rialacha inmheánacha a bhaineann le réimsí inar forbraíodh caighdeáin.

Beidh an Comhlacht comhdhéanta d'ionadaí amháin ó gach Páirtí, i bprionsabal, ar leibhéal Leas-Uachtaráin. Ainmneoidh gach Páirtí lánchomhalta agus comhalta malartach. Tugtar solúbthacht chun ionadaí seachas Leas-Uachtarán a cheapadh, i gcás nach ann d'aon fheidhm den sórt sin laistigh den Pháirtí, nó i gcás ina mbeadh rogha den sórt sin míchuí. Beidh aon speansas a thabhóidh comhalta den Chomhlacht nó a mhalartach nó a malartach i dtaca lena dhualgais nó lena dualgais sa Chomhlacht faoi réim na hinstitiúide lena mbaineann sé nó sí.

Cuirfidh cúigear saineolaithe neamhspleácha obair an Chomhlachta ar an eolas agus gníomhóidh siad mar bhreathnóirí agus tabharfaidh siad comhairle maidir le haon cheist eiticiúil a bhaineann le sainordú an Chomhlachta. Freastalóidh siad ar gach cruinniú den Chomhlacht agus tabharfaidh siad tuairim le haghaidh malartú tuairimí an Chomhlachta maidir le rialacha inmheánacha an Pháirtí a ailíniú leis na caighdeáin mholta. Gheobhaidh na saineolaithe neamhspleácha stádas mar Chomhairleoir Speisialta ón gCoimisiún agus beidh siad i gceangal leis an gCoimisiún ar chúiseanna riaracháin. Déanfar na speansais taistil agus chóiríochta a thabhaíonn siad agus a ndualgais á gcomhlíonadh acu a aisíoc leo. Gheobhaidh siad per diem in aghaidh an lae oibre arb ionann é agus luach saothair oifigigh de ghrád AD12. Cuirfidh na páirtithe uile cúiteamh airgeadais bliantúil ar fáil don Choimisiún ag tús na bliana airgeadais chun na costais riaracháin go léir a thabhaíonn an Coimisiún thar ceann na saineolaithe Neamhspleácha (per diem, speansais taistil agus chóiríochta, liúntas laethúil mar aon le gach costas oibríochtúil agus lóistíochta eile (trealamh TF, etc.) a chumhdach.

Tacóidh rúnaíocht le comhaltaí an Chomhlachta. Tuairisceoidh an rúnaíocht don Chomhlacht, ullmhóidh sí cruinnithe an Chomhlachta, cuirfidh sí cúnamh oibríochtúil ar fáil maidir lena chúraimí, ullmhóidh sí na tuarascálacha a leanann na malartuithe tuairimí maidir leis na féinmheasúnuithe arna ndéanamh ag na Páirtithe, ullmhóidh sí an dréacht-tuarascáil bhliantúil, déanfaidh sí aon ghníomhaíochtaí eile is gá chun an Comhaontú seo a chur chun feidhme go héifeachtach; gach comhfhreagras isteach agus amach leis an gComhlacht a threorú chuig a Chathaoirleach agus/nó chuig an bPáirtí lena mbaineann an comhfhreagras.

Struchtúr oibríochtúil comhpháirteach a bheidh sa rúnaíocht ach is sa Choimisiún a dhéanfar í a óstáil go foirmiúil. Beidh sé comhdhéanta de na cinn aonaid, nó a gcoibhéis, atá freagrach as eitic do chomhaltaí i ngach institiúid rannpháirteach. Gníomhóidh an duine ag a bhfuil an post sin sa Choimisiún mar "Chomhordaitheoir" don rúnaíocht mura n-ainmneoidh an Coimisiún duine eile i gcomhaontú leis na Páirtithe.

Déanfaidh an Comhlacht bainistiú ar shuíomh gréasáin poiblí ina ndéanfar an fhaisnéis go léir is iomchuí maidir lena ghníomhaíochtaí a chur ar fáil go poiblí, lena n-áirítear a chomhdhéanamh mar aon le féilire cruinnithe agus cláir oibre cruinnithe.

Ba cheart go dtiocfadh méadú beag ar acmhainní daonna mar thoradh ar chruthú an Chomhlachta.

Tá coibhéis lánaimseartha amháin (AD) breise ag teastáil laistigh de gach institiúid is páirtí don chomhaontú. Cé go mbeidh siad sannta fós faoina n-institiúid lenar sannadh faoi seach beidh siad ar fáil chun cabhrú leis an Rúnaíocht bunaithe ar na riachtanais.

Ina theannta sin, tá gá le dhá choibhéis lánaimseartha (2 AST) chun tacaíocht riaracháin a chur ar fáil don rúnaíocht, do na saineolaithe neamhspleácha (mar shampla, a gcuid misean a eagrú) ach freisin chun a áirithiú go gcoimeádfar láithreán gréasáin poiblí an Chomhlachta ar bun, lena n-áirítear an fhaisnéis a choinneáil cothrom le dáta.

Faoi réir shainchumais údarás buiséadach an Aontais, déanfaidh institiúidí agus comhlachtaí comhairleacha an Aontais atá rannpháirteach sa Socrú seo cé is moite de Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, den Bhanc Ceannais Eorpach agus den Bhanc Eorpach Infheistíochta, má thagann sé chun bheith ina Pháirtí sa chomhaontú, dhá phost AST a shannadh don Choimisiún ar bhonn bliantúil rothlach a chomhfhreagraíonn d'uainíocht bhliantúil Uachtaránacht an Chomhlachta.

Sa bhliain ina mbeidh an Uachtaránacht acu, soláthróidh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, an Banc Ceannais Eorpach agus an Banc Eorpach Infheistíochta, má thagann sé chun bheith ina Pháirtí sa chomhaontú, cúiteamh airgeadais bliantúil ag tús na bliana airgeadais ina mbeidh an Uachtaránacht acu. Sna cásanna sin cuirfidh an Coimisiún acmhainní daonna ar fáil.

5. Fad agus tionchar airgeadais measta:

5.1 Tréimhse cur i bhfeidhm:

☐ Cinneadh a bhfuil fad teoranta aige: cinneadh atá i bhfeidhm ón [*dáta*] go dtí [*dáta*]

X Cinneadh a bhfuil tréimhse éiginnte ag baint leis: cinneadh atá i bhfeidhm ón [*dáta*] go dtí [*dáta*]

5.2 An tionchar buiséadach a mheastar a bheith i gceist:

Baineann an méid seo a leanas leis an dréachtchinneadh:

☐ coigilteas

X costais bhreise (má shonraítear, sonraigh ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil lena mbaineann): Ceannteideal VII

*Comhlánaigh an tábla tionchair airgeadais measta san iarscríbhinn a bhaineann leis na leithreasuithe de chineál riaracháin nó le hacmhainní daonna. Má bhaineann tréimhse éiginnte leis an dréachtchinneadh, ní mór na costais a léiriú do gach bliain forbartha agus ansin do gach bliain oibríochta ag lánacmhainn (sa cholún 'Costas iomlán/bliantúil').*

5.3 Ranníocaíochtaí tríú páirtí le maoiniú an dréachtchinnidh:

*Má dhéantar foráil sa togra maidir le cómhaoiniú ag Ballstát nó comhlachtaí eile (sonraigh cé acu, le do thoil), ba cheart duit meastachán den leibhéal cómhaoinithe a thabhairt, más eol é.*

leithreasuithe in EUR milliún (go dtí an 3ú deachúil)

| | Bliain **n** | Bliain **n+1** | Bliain **n+2** | Bliain **n+3** | Bliain **n+4** | Bliain **n+5** | Bliain **n+6** | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| *Sonraigh cómhaoiniú foinse/comhlacht* | | | | | | | | |
| IOMLÁN na leithreasuithe cómhaoinithe | | | | | | | | |

5.4 Míniúchán ar fhigiúirí:
Taispeántar meánchostais foirne ag bun an leathanaigh

https://myintracomm.ec.europa.eu/corp/budget/financial-rules/budget-implementation/Pages/financial-statement.aspx

Beidh na hacmhainní daonna breise seo a leanas de dhíth mar thoradh ar an gcinneadh: 2 AST (EUR 342 000 in aghaidh na bliana le roinnt go cothrom i measc na bPáirtithe/le roinnt ar na Páirtithe le himeacht ama)+ 1 AD in aghaidh na hinstitiúide rannpháirtí (EUR 171.000/bliain/institiúid rannpháirteach).

6. <u>Comhoiriúnacht leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil reatha:</u>

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

☒ is féidir é a mhaoiniú go hiomlán trí ath-imlonnú laistigh den cheannteideal ábhartha den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI).

Mínigh cén t-athchlárú is gá, agus sonraigh na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha. Tabhair tábla excel i gcás mór-athchlárú.

[...]

☐ is gá úsáid a bhaint as an gcorrlach neamh-leithdháilte faoin gceannteideal ábhartha de CAI agus/nó úsáid na n-ionstraimí speisialta mar a shainmhínítear i Rialachán CAI.

Mínigh an méid a bhfuil gá leis, agus sonraigh na ceannteidil agus na línte buiséid lena mbaineann, na méideanna comhfhreagracha agus na hionstraimí atá beartaithe a úsáid.

[...]

☐ athbhreithniú le déanamh ar CAI.

Mínigh an méid a bhfuil gá leis, agus sonraigh na ceannteidil agus na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha.

[...]

7. <u>Tionchar coigiltis nó costas breise ar leithdháileadh acmhainní:</u>

☒ Acmhainní atá le fáil trí ath-imlonnú inmheánach laistigh de ranna

☐ Acmhainní a leithdháileadh cheana ar an roinn/na ranna lena mbaineann

Acmhainní atá le hiarraidh le linn an chéad nós imeachta leithdháilte eile

**Soláthrófar na hacmhainní daonna agus riaracháin is gá as acmhainní atá sannta cheana i leith bhainistiú na gníomhaíochta agus/nó atá ath-imlonnaithe laistigh den institiúid a bhfuil uachtaránacht na hinstitiúide aici.**

**Sa chomhthéacs sin, tá sé tábhachtach a mheabhrú go bhfuil gach institiúid faoi Cheannteideal 7 ag feidhmiú i gcomhthéacs foireann sheasmhach. Dá bhrí sin, ní fhéadfar aon mhéadú ar líon na foirne a mhéadú ach amháin trí laghduithe a dhéanamh in áiteanna eile, agus béim á leagan ar ath-leithdháileadh agus ar ath-imlonnú laistigh de na seirbhísí.**

**IARSCRÍBHINN:**

## TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH ANN (coigiltis nó costais bhreise) LE hAGHAIDH LEITHREASUITHE DE CHINEÁL RIARACHÁIN NÓ LE hAGHAIDH ACMHAINNÍ DAONNA

*FTE=Coibhéis lánaimseartha* *Is é XX an réimse beartais nó an teideal lena mbaineann*

EUR milliún (go dtí an tríú deachúil)

| *FTE i ndaoine/bliain* | Bliain 2023 | | Bliain 2024 | | Bliain 2025 | | Bliain 2026 | | Bliain 2027 | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ceannteideal 7** | Coibhéis lánaimseartha | leithr. | Coibhéis lánaimseartha | leithr. | Coibhéis lánaimseartha | leithr. | Coibhéis lánaimseartha | leithr. | Coibhéis lánaimseartha | leithr. | | |
| Poist faoin bplean bunaíochta (oifigigh agus/nó foireann shealadach) | | | | | | | | | | | | |
| 20 01 02 01 agus 20 01 02 02 (- (tionchar carnach ar gach institiúid H7) | **3** | 0,513 | **3** | 0,513 | **3** | 0,513 | **3** | 0,513 | **3** | 0,513 | 3 | **2,565** |
| 20 01 02 03 (Toscaireachtaí) | | | | | | | | | | | | |
| Foireann sheachtrach | | | | | | | | | | | | |
| 20 02 01 (' clúdach iomlánaíoch') | | | | | | | | | | | | |
| 20 02 03 (Toscaireachtaí) | | | | | | | | | | | | |
| 20 02 05 (Comhairleoirí Speisialta) | | 0,107 | | 0,107 | | 0,107 | | 0,107 | | 0,107 | | **0,535** |
| Línte eile buiséid (*sonraigh*) | | | | | | | | | | | | |
| **Fo-iomlán — Ceannteideal 7** | **3** | 0,620 | **3** | 0,620 | **3** | 0,620 | **3** | 0,620 | **3** | 0,620 | 3 | **3,100** |
| **Lasmuigh de Cheannteideal 7** | | | | | | | | | | | | |
| Poist faoin bplean bunaíochta (oifigigh agus/nó foireann shealadach) | | | | | | | | | | | | |
| 01 01 01 01 (taighde indíreach Fís Eorpach) | | | | | | | | | | | | |
| 01 01 01 11 (taighde díreach Fís Eorpach ) | | | | | | | | | | | | |
| 01 01 02 01 (Taighde Indíreach R & T Euratom) | | | | | | | | | | | | |
| 01 01 02 11 (Taighde Díreach R & T Euratom) | | | | | | | | | | | | |
| 01 01 03 01 (ITER) | | | | | | | | | | | | |
| 13 01 02 01 (Ciste Cosanta — taighde) | | | | | | | | | | | | |
| Foireann sheachtrach | | | | | | | | | | | | |
| Líne/línte buiséid (na seanlínte 'BA') (sonraigh) | | | | | | | | | | | | |
| — sa Cheanncheathrú | | | | | | | | | | | | |
| — i dToscaireachtaí | | | | | | | | | | | | |
| 01 01 01 02 (taighde Fís Eorpach go hindíreach ) | | | | | | | | | | | | |
| 01 01 01 12 (taighde Fís Eorpach go Díreach) | | | | | | | | | | | | |
| 01 01 02 02 (taighde R&T | | | | | | | | | | | | |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Euratom go hindíreach) | | | | | | |
| 01 01 02 12 (taighde R&T Euratom go díreach) | | | | | | |
| 01 01 03 02 (ITER) | | | | | | |
| 13 01 02 02 (Ciste Cosanta — taighde) | | | | | | |
| Línte buiséid eile (*sonraigh*) | | | | | | |
| **Fo-iomlán — Lasmuigh de Cheannteideal 7** | | | | | | |
| **IOMLÁN** | | | | | | |

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó atá ath-imlonnaithe taobh istigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil agus i bhfianaise na srianta buiséadacha.

*Leithreasaí riaracháin eile* EUR milliún
(go dtí an tríú deachúil)

| | Bliain 2023 | Bliain 2024 | Bliain 2025 | Bliain 2026 | Bliain 2027 | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ceannteideal 7** | | | | | | |
| Ceanncheathrú: | | | | | | |
| 20 02 06 01 — Speansais mhisin agus ionadaíochta | — | — | — | — | — | |
| 20 02 06 02 — Costais chomhdhála agus cruinnithe | | | | | | |
| 20 02 06 03 — Coistí | | | | | | |
| 20 02 06 04 — Staidéir agus comhairliúcháin | | | | | | |
| | | | | | | |
| 20 04— Trealamh agus seirbhísí TFC [1] | 0,038 | 0,038 | 0,038 | 0,038 | 0,038 | **0.19** |
| Línte eile buiséid (*sonraigh nuair is gá*) | | | | | | |
| Toscaireachtaí: | | | | | | |
| 20 02 07 01 – Speansais Mhisin agus ionadaíochta | | | | | | |
| 20 02 07 02 - Oiliúint bhreise foirne | | | | | | |
| 20 03 05 01 agus 20 03 05 02 — Éadáil, cíos agus caiteachas gaolmhar | | | | | | |
| 20 03 05 03 — Trealamh, troscán, soláthairtí agus seirbhísí | | | | | | |
| **Fo-iomlán — Ceannteideal 7** | **0,038** | **0,038** | **0,038** | **0,038** | **0,038** | **0.19** |
| **Lasmuigh de Cheannteideal 7** | | | | | | |
| Líne/línte buiséid (sonraigh)— Caiteachas ar chúnamh teicniúil agus riaracháin (gan foireann sheachtrach san áireamh) ó leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte "BA") | | | | | | |
| — sa Cheanncheathrú | | | | | | |
| — i dToscaireachtaí | | | | | | |
| 01 01 01 03 — Caiteachas bainistíochta eile le haghaidh taighde indíreach Fís Eorpach | | | | | | |
| 01 01 01 13 — Caiteachas bainistíochta eile le haghaidh taighde díreach Fís Eorpach | | | | | | |
| 01 01 02 03 (Caiteachas bainistíochta eile le haghaidh taighde indíreach T&T Euratom | | | | | | |
| 01 01 02 13 (Caiteachas bainistíochta eile le haghaidh | | | | | | |

[1] TFC: Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide. Ní mór dul i gcomhairle le DIGIT.

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| taighde díreach T&T Euratom | | | | | | |
| 01 01 03 03 (Caiteachas bainistíochta eile le haghaidh ITER) | | | | | | |
| 13 01 02 03 (Caiteachas bainistíochta eile don Chiste Cosanta — taighde) | | | | | | |
| Línte buiséid eile (*sonraigh nuair is gá*) | | | | | | |
| **Fo-iomlán — Lasmuigh de Cheannteideal 7** | | | | | | |
| **MÓRIOMLÁN** | 0,658 | 0,658 | 0,658 | 0,658 | 0,658 | **3.29** |

Soláthrófar na leithreasuithe riaracháin is gá leis na leithreasuithe a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó atá ath-imlonnaithe, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha atá ann cheana.